Coiste Eorpach na Réigiún

GA

Coiste Eorpach na Réigiún

Arna chur in eagar ag Stiúrthóireacht na Cumarsáide i gCoiste Eorpach na Réigiún
An t-Ògmhios 2022
Rue Belliard/Belliardstraat 101 | 1040 Bruxelles/Brussel | BELGIQUE/BELGIË | Tél. +32 22822211
www.cor.europa.eu | @EU_CoR | /european.committee.of.the.regions | /european-committee-of-the-regions | @EU_regions_cities

An Ísiltír
12 chúige
355 bhardas

Lucsamburg
3 cheantar
12 chantún
102 bhardas

An Ghearmáin
16 stát cónaidhme
401 chontae (294 Landkreise, 107 kreisfreie Städte)
11 054 bhardas

An Danmhairg
5 réigiún
2 réigiún ag a bhfuil stádas speisialta: Oileáin Fharó agus an Ghraonlainn
98 mbardas

An tSualainn
21 réigiún
290 bardas

An Fhionlainn
19 réigiún lena n-áirítear réigiún uathrialach Oileáin Åland
310 mbardas

An Eastóin
79 mbardas (64 bhardas tuaithe agus 15 bhardas uirbeacha))

An Bheilg
3 réigiún
3 phobal
10 gcúige
581 bhardas

An Laitvia
9 gcathair
110 mbardas

An Liotuáin
60 bardas

Éire
26 chomhairle contae, a bhfuil trí cinn díobh i mBaile Átha Cliath (Fine Gall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Baile Átha Cliath Theas)
3 chomhairle cathrach
2 chomhairle cathrach agus contae

An Pholainn
16 réigiún
314 chontae
478 mbardas

An Fhrainc
18 réigiún (13 ar an mórthír agus 5 réigiún thar lear)
101 roinn
35 358 mbardas

Poblacht na Seice
14 réigiún
6 258 mbardas

An tSlóvaic
8 réigiún fheinrialaitheacha
79 gceantar riaracháin
2 926 bhardas

An Phortaingéil
2 réigiún fheinrialaitheacha (na hAsóir agus Maidéara)
308 mbardas
3 091 pharóiste shibhialta (*Freguesias*)

An Rómáin
42 chontae, an phríomhchathair Búcairist san áireamh
103 chathair
217 mbaile
2 861 bhardas tuaithe

An Spáinn
17 réigiún fheinrialaitheacha
2 chathair fheinrialaitheacha (Ceuta agus Melilla)
50 gcúige
8 131 bhardas

An Bhulgáir
6 réigiún pleanála
28 réigiún
265 bhardas

An Ungáir
19 gcontae
3 175 bhardas

An Iodáil
20 réigiún (15 ghnáthréigiún, 5 réigiún ag a bhfuil stádas speisialta)
2 chúige fheinrialaitheacha (Bolzano/Bozen agus Trento)
110 gcúige
15 chathair
7 960 bardas

An Ostair
9 stát cónaidhme
95 cheantar (15 chathair san áireamh)
2 098 mbardas

An tSlóivéin
12 réigiún
212 bhardas

Málta
6 choiste réigiúnacha
68 mbardas

An Chróit
21 chontae (an phríomhchathair Ságrab san áireamh)
128 mbaile
428 mbardas

An Ghréig
13 réigiún
7 riarachán díláraithe
325 bhardas

An Chipir
6 cheantar
39 mbardas
478 bpobal

An tUachtarán

Vasco Alves Cordeiro
(Comhalta de Rialtas Réigiúnach na nAsór)

Téarma oifige: dhá bhliain go leith
- obair CnaR a stiúradh in éineacht leis an Uachtarán.

Tofa ina
Uachtarán
An t-Ògmhios 2022

An chéad Leas-Uachtarán

Apostolos Tzitzikostas
(Gobharnóir Réigiún na Macadóine Láir)

Téarma oifige: dhá bhliain go leith
- obair CnaR a stiúradh
- ina chathaoirleach ar na seisiúin iomlánacha
- ionadaí oifigiúil CnaR.

Tofa ina
chéad Leas-Uachtarán
An t-Ògmhios 2022

An Biúró



61 chomhalta
* Tá beirt chomhchathaoirleach ag na Glasaigh

Comhdháil na nUachtarán

Is iad atá i gComhdháil na nUachtarán an tUachtarán, an chéad Leas-Uachtarán agus cathaoirligh na ngrúpaí polaitiúla. Ullmhaíonn Comhdháil na nUachtarán obair an Choiste agus éascaíonn sí teacht ar chomhdhearcadh polaitiúil faoi na cinntí atá le déanamh ag comhlachtaí eile an Choiste (an Tionól Iomlánach, an Biúró, agus na coimisiúin).

6 Ghrúpa Pholaitiúla

epp group in the european committee of the regions

renew europe. | CoR

pes PES GROUP European Committee of the Regions

ECR EUROPEAN CONSERVATIVES & REFORMISTS GROUP COMMITTEE OF THE REGIONS

EA European Alliance

THE GREENS in the European Committee of the Regions

NAT — Acmhainní nádúrtha

COTER — Beartas comhtháthaithe chríochaigh agus buiséad AE

ECON — Beartas eacnamaíoch

SEDEC — Beartas sóisialta, oideachas, fostaíocht, taighde agus cultúr

CIVEX — Saoránacht, rialachas, gnóthaí institiúideacha agus seachtracha

ENVE — Comhshaol, athrú aeráide agus fuinneamh

An Tionól Iomlánach

Tagann comhaltaí CnaR le chéile i seisiún iomlánach sa Bhruiséil chun tuairimí, tuarascálacha agus rúin a phlé agus a ghlacadh. Iarrtar ar Fheisirí na Parlaiminte, Coimisinéirí Eorpacha, comhaltaí den Chomhairle agus ionadaithe ó Uachtaránacht AE a bheith i láthair ag na seisiúin iomlánacha chun saincheisteanna ar díol imní ar leith iad do na réigiúin agus cathracha a phlé.

Tagann **329 gcomhalta** le chéile idir 5 agus 6 huaire **sa bhliain**

Tionól an Aontais Eorpaigh d'ionadaithe réigiúnacha agus áitiúla is ea Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR).

Is é an misean atá aige ó 1994 ná ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas cinnteoireachta na hEorpa agus na leasanna sin a chur chun cinn. Óna cheanncheathrú sa Bhruiséil cinntíonn CnaR go bhfuil ceangal níos dlúithe ag náisiúin agus críocha na hEorpa le chéile agus cinntí á ndéanamh ar leibhéal chomh gar agus is féidir do shaoránaigh na hEorpa de réir phrionsabal na coimhdeachta.

6 Choimisiún speisialaithe

100 comhalta an ceann

Tá an seachtú coimisiún ann, is é sin **CFAA** a chuireann comhairle ar an mBiúró maidir le ceisteanna riaracháin agus airgeadais.

An tArdrúnaí

Arna cheapadh ag an mBiúró ar feadh cúig bliana. Stiúrann sé gnó riaracháin CnaR agus tá sé freagrach as cinntí an Bhiúró a chur chun feidhme agus as dea-fheidhmiú an chórais riaracháin.

Ceapadh **Petr Blížkovský** ina Ardrúnaí ar Choiste Eorpach na Réigiún an 7 Deireadh Fómhair 2019.

An Ardrúnaíocht

Tá sí freagrach as a chinntiú go ndéantar seisiúin iomlánacha, cruinnithe na gcoimisiún agus gníomhaíochtaí polaitíochta eile CnaR a reáchtáil gan aon deacracht. Is uirthi atá an cúram freisin íomhá Choiste Eorpach na Réigiún a chur chun cinn agus tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide na gcomhaltaí.

Tá an Ardrúnaíocht comhdhéanta de sheacht stiúrthóireacht:

– Comhaltaí, Seisiúin Iomlánacha agus Straitéis – Obair Reachtach 1 – Obair Reachtach 2 – Cumarsáid – Acmhainní Daonna agus Airgeadas – Lóistíocht* – Aistriúchán*

* (an péire deiridh á roinnt le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa).

Tá rúnaíochtaí na ngrúpaí polaitiúla freisin ann agus roinn iniúchta inmheánaigh.

9 Líonra agus nArdán

- **REGHUB** — Líonra na Mol Réigiúnach le haghaidh Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Bheartais an Aontais
- **GECC** — An Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach
- **CORLEAP** — Comhdháil na nÚdarás Réigiúnach agus Áitiúil le haghaidh Chomhpháirtíocht an Oirthir
- **ARLEM** — An Comhthionól Réigiúnach agus Áitiúil Eora-Mheánmhara
- Cathracha agus Réigiúin ar son na Lánpháirtíochta
- **An Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht**
- **Clár do Pholaiteoirí Tofa Óga (YEP)**
- **An Tairseach um Chomhar Díláraithe**
- **Ardán Faireacháin Eoraip 2020**

a fhágann gur féidir leis na réigiúin agus cathracha cur le díospóireacht AE agus taithí agus dea-chleachtas a mhalartú i dtaca le beartais shonracha AE.

Tá na líonraí ceaptha sa chaoi is gur féidir leo dul i ngleic le saincheisteanna a dhéanann difear do na réigiúin agus cathracha.

Tá CnaR ina chomhalta de Chúnant na Méaraí freisin.

27 dtoscaireacht náisiúnta

Tagann comhaltaí le chéile ina dtoscaireachtaí náisiúnta roimh sheisiúin agus chruinnithe iomlánacha na ngrúpaí polaitiúla chun plé a dhéanamh ar chomhsheasaimh.



Comhaltaí de réir toscaireacht náisiúnta

Obair Choiste Eorpach na Réigiún

Tuairimí

Téann institiúidí eile an Aontais Eorpaigh i gcomhairle le CnaR nuair a bhíonn téacsanna reachtaíochta (treoracha, rialacháin etc.) maidir le réimsí a bhaineann leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha á ndréachtú; is féidir le CnaR tuairimí a eisiúint freisin as a stuaim féin. Nuair a bhíonn an dréacht-tuairim glactha ag ceann de choimisiúin CnaR, pléitear ansin í i seisiún iomlánach. A luaithe a bheidh glactha léi seoltar an tuairim chuig gach institiúid Eorpach agus foilsítear í in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Rúin

Tugann rúin an deis don Choiste a thuairimí a chur in iúl ar shaincheisteanna tábhachtacha agus ábhartha. Tá grúpaí polaitiúla an Choiste in ann rúin a ullmhú freisin.

Tuairimí Ionchais agus Tuarascálacha Tionchair

I dteannta a thuairim a thabhairt ar thograí reachtacha, soláthraíonn an Coiste ionchur freisin, i bhfianaise thaithí na gcomhaltaí, d'fhorbairt an bheartais a bheidh ag AE amach anseo. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach a iarraidh ar CnaR tuarascáil tionchair a dhréachtú. Mar a thugann an t-ainm le fios, tá na tuarascálacha seo ann ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag beartas ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Prionsabal na Coimhdeachta a chur chun cinn

Tá sé daingnithe i gConradh Liospóin go bhfuil ceart achomhairc ag CnaR chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun a shainchearta agus prionsabal na coimhdeachta a chosaint.

Imeachtaí

Mar áit tionóil ag réigiúin agus ag cathracha, eagraíonn CnaR comhdhálacha, seimineáir agus taispeántais i gcomhar le páirtithe réigiúnacha agus áitiúla agus institiúidí Eorpacha eile.

- Le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha, cuireann CnaR fáilte chun na Bruiséile roimh na mílte rannpháirtithe a ghlacann páirt i ndíospóireachtaí bríomhara nó a bhíonn ag lorg comhpháirtithe le dul i mbun oibre leo ar chomhthionscadail.
- Is é EuroPCom, an Chomhdháil Eorpach maidir leis an gCumarsáid Phoiblí, an cruinniú bliantúil de shaineolaithe i réimse na cumarsáide as údaráis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha, agus as gníomhaireachtaí príobháideacha cumarsáide, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an lucht acadúil.
- Gach dhá bhliain, tionólann CnaR Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha chun na príomhdhúshláin atá le sárú ag an Aontas Eorpach a phlé.

Staidéir agus foilseacháin eile

Déanann CnaR staidéir ar ghnéithe éagsúla den leibhéal áitiúil agus réigiúnach le cabhair ó shaineolaithe seachtracha. Cuireann sé foilseacháin ar fáil freisin do chinnteoirí réigiúnacha agus áitiúla agus don phobal i gcoitinne.

Tuilleadh eolais:

Réimsí freagrachta CnaR

Tá CnaR i dteideal a thuairimí a chur in iúl maidir le gach mór-shaincheist a bhfuil gné áitiúil nó réigiúnach ag baint léi agus a gceanglaítear ar Pharlaimint na hEorpa, ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar an gCoimisiún Eorpach dul i gcomhairle leis ina leith. Baineann na saincheisteanna éagsúla sin le dhá thrian den reachtaíocht a ritheann an tAontas Eorpach.